



9337/22

**Comhad Idirinstiúideach:
2022/0164(COD)**

**ECOFIN 456
UEM 98
CODEC 758
FIN 572
COH 43
AGRI 208
AGRIFIN 48
AGRISTR 31
FORETS 38
PECHE 171
CLIMA 226
ENV 461
CADREFIN 88**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	20 Bealtaine 2022
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 231 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann sé le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060, Rialachán (AE) 2021/2115, Treoir 2003/87/CE agus Cinneadh (AE) 2015/1814

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 231 final.

Faoi iamh: COM(2022) 231 final



An Bhruiséal, 18.5.2022
COM(2022) 231 final

2022/0164 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann sé le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060, Rialachán (AE) 2021/2115, Treoir 2003/87/CE agus Cinneadh (AE) 2015/1814

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Forais agus cuspóirí an togra

Ó glacadh Rialachán (AE) 2021/241 lena mbunaítear an tSaoráidTéarnaimh agus Athléimneachta ('Rialachán RRF'), bhí tionchar mór ag imeachtaí geopholaitiúla agus eacnamaíocha nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar shochaí agus ar gheilleagar an Aontais. I ndiaidh ionradh na Rúise ar an Úcráin, ní neartaíodh riamh an cás maidir le haistriú mear-fhuinnimh glan i gcomhréir le spriocanna aeráide 2030 an Aontais agus leis an gCuspóir atá aige do 2050 maidir leis an aeráid. Iompórtálann an tAontas Eorpach 90 % dá thomhaltas gáis, agus cuireann an Rúis níos mó ná 40 % de sin ar fáil. Is í an Rúis is cúis le 27 % d'ola agus 46 % d'iompórtálacha guail chuig an Aontas Eorpach.

Is sa chomhthéacs sin a d'iarr na Ceannairí Eorpacha ar an gCoimisiún Eorpach freagairt spriocdhírthe agus éifeachtach a chur ar fáil. Ina nDearbhú Versailles an 10-11 Márta 2022, chuir Ceannairí Stáit agus Rialtais na hEorpa de chúram sainráite ar an gCoimisiún plean REPowerEU a mholadh faoi dheireadh mhí na Bealtaine, ina leagtar síos mar phríomhchuspóir laghdú ar spleáchas fuinnimh an Aontais. Go háirithe, tá comhaontú sa Dearbhú maidir le deireadh a chur, a luaithe is féidir, leis an spleáchas ar allmhairí gáis, ola agus guail na Rúise. Athdhearbhaíodh na gealltanais a tugadh i nDearbhú Versailles ina dhiaidh sin sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 24-25 Márta, inar díriodh freisin ar phraghsanna arda fuinnimh a mbíonn tionchar níos mó agus níos mó acu ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí, rud a d'fhág gur measa fós an t-ionsaí míleata a rinne an Rúis i gcoinne na hÚcráine.

Tar éis sheoladh NextGenerationEU in 2020, d'ullmhaigh geilleagar na hEorpa an bealach chun aistrithe glasa agus digiteacha a luathú. Mar sin féin, tá an dá athrú sin ag tarlú anois i gcomhthéacs domhanda atá ag cur isteach air, agus tá éiginnteachtaí nua os a gcomhair. Mar a thug ceannairí na hEorpa faoi deara, tá sé níos soiléire ná riamh go bhfuil méadú ar shlándaíl sholáthar fuinnimh an Aontais agus laghdú ar spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise ón Rúis rithábachtach chun téarnamh rathúil inbhuanaithe a fháil ón ngéarchéim COVID-19.

Tá an baol ann go dtiocfaidh meath ar an ionchas eacnamaíoch agus go lagófar comhtháthú sóisialta agus críochach do na Ballstáit uile leis na praghsanna arda fuinnimh agus leis na rioscaí a bhaineann le saobhadh ar an soláthar fuinnimh, atá níos measa de bharr na bhfachtóirí seachtracha gan choinne. Go sonrach, tá an baol ann go mbeidh tionchar ag praghsanna fuinnimh ar iomaíochas gnó, go háirithe ar a bhonn tionsclaíoch, agus go gcuirfí leis an neamhionannas agus leis an mbochtaineacht fuinnimh, go háirithe i measc teaghlach leochaileacha agus ísealioncain agus meánioncain.

Is í an tSaoráidTéarnaimh agus Athléimneachta ('RRF') cloch choirnél straitéis fáis an Aontais Eorpaigh atá dírithe ar an todhchaí tar éis na géarchéime COVID-19, mar a leagtar síos leis na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta ('RRPanna') an clár oibre infheistíochta agus athchóirithe do na blianta atá le teacht. Táthar ag súil cheana féin go gcuirfidh líon mór beart a áirítear sna RRPanna feabhas suntasach ar athléimneacht sholáthar fuinnimh an Aontais, go laghdóidh siad an spleáchas ar allmhairí fuinnimh, agus go dtacóidh siad le haistrithe córa, rud a fhágfaidh nach mbeidh réigiún ar bith agus nach mbeidh duine ar bith taobh thiar de. Tá na RRPanna sin a bhfuil na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe atá beartaithe acu cheana chun na haistrithe glasa agus digiteacha a chur i gcrích rithábachtach i gcónaí. Ag an am céanna, mar gheall ar na forbairtí geopholaitiúla agus eacnamaíocha a tharla le déanaí, tá gá le braistint níos mó práinne fós agus leibhéal uailmhéine níos airde fós chun a áirithiú go n-éireoidh leis an ngéarchéim COVID-19 teacht ar ais. Is gá dlús a chur leis na

hathchóirithe agus leis na hinfheistíochtaí sa réimse sin ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon.

Is féidir, agus ba cheart, deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise ón Rúis roimh 2030. Chun é sin a dhéanamh, forlíonann CumhachtEU na bearta a rinneadh i ndáil le cinnteacht an tsoláthair agus na stórála fuinnimh trí shraith beart chun fuinneamh a spáráil, soláthairtí a éagsúlú agus dlús a chur le haistriú fuinnimh ghlain na hEorpa. Is féidir éagsúlú a dhéanamh ar sholáthairtí gáis trí mhéid na n-allmhairí GNL agus na n-allmhairí píblíne ó sholáthraithe neamh-Rúiseacha a mhéadú, agus trí leibhéal an bhithmheatáin inbhuanaithe a mhéadú, i.e. a tháirgtear ó dhramhaíl orgánach agus ó iarmhair talmhaíochta agus foraoise, agus ó hidrigin in-athnuaite nó saor ó iontaise. Is féidir coigilteas fuinnimh a fháil ar leibhéal teaghlach, foirgneamh, iompair, agus tionscail, agus ar leibhéal an chórais chumhachta trí éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú. Chun dlús a chur le haistriú glan na hEorpa, ní mór an sciar d'fhoinsí in-athnuaite sa mheascán fuinnimh a mhéadú agus ní mór bearta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar scrogaill bhonneagair agus ar ghanntanas saothair agus scileanna agus chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanas saothair agus scileanna. Is féidir tacú leis na trí shraith idirghabhálacha sin trí mheascán infheistíochtaí agus athchóirithe.

I bhfianaise an chúlra seo, tá RRPanna suite go maith chun na tosaíochtaí níos práinní a chur chun feidhme. Leis an togra reatha, feidhmeoidh RRPanna na mBallstát mar chreat straitéiseach le haghaidh athchóirithe agus infheistíochtaí chun gníomhaíocht chomhpháirteach Eorpach a áirithiú ar mhaithe le córais fuinnimh níos athléimní, níos sláine agus níos inbhuanaithe. Tá tionscadail iltíre agus bearta de chineál trasteorann, go háirithe iad siúd lena ndírítear ar nasc níos fearr fuinnimh a áirithiú idir na Ballstáit, rud a mhéadóidh éagsúlú an tsoláthair, oiriúnach go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar chuspóirí REPowerEU. Sa chomhthéacs sin, is féidir leis an RRF na tionscadail leasa choitinn arna roghnú bunaithe ar Rialachán GTE-F a chomhlánú ar bhealach úsáideach. Is féidir tacú le tionscadail leasa choitinn freisin tríd an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa ('SCE').

Ag an am céanna, níor cheart go gcuirfeadh na hagusáin a ghabhann leis na RRPanna isteach ar chur chun feidhme leanúnach chlár oibre uailmhianach na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí atá sna cinní cur chun feidhme ón gComhairle atá ann cheana. Chuige sin, ba cheart bearta nua a mholtar mar fhreagairt ar na forbairtí geopholaitiúla agus socheacnamaíocha a bheith spriocdhírithé, sa bhreis ar an gclár oibre sin agus ba cheart iad a bheith comhleanúnach leis.

Dá bhrí sin, déantar foráil sa togra reatha maidir le leasuithe spriocdhírithé ar Rialachán RRF chun na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

- Caibidlí tiomnaithe a chur leis na RRPanna, lena n-áirítear athchóirithe nua agus infheistíochtaí chun cuspóirí REPowerEU a bhaint amach, agus
- Sineirgí agus comhlántacht a áirithiú idir bearta arna gcistiú faoin CEI agus gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó chistí náisiúnta eile nó ó chistí eile de chuid an Aontais.

Ba cheart na hathruithe ar Rialachán RRF a chomhlánú le leasuithe reachtacha chun foinsí cistiúcháin breise a bhunú chun cuidiú le cuspóirí nua REPowerEU a mhaoiniú faoin gcreat RRF. Chun na críche sin, ba cheart ioncam a ghintear ó cheantáil ar chuid theoranta de lamhátais an Chórais Trádála Astaíochtaí ("ETS") ó Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh ("MSR") a leithdháileadh ar mhaoiniú beart nua a bhaineann le Cumhacht AE. Ba cheart solúbthacht níos airde a thabhairt do na Ballstáit chun acmhainní a leithdháiltear orthu a

aistriú faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna (AE) 2021/1060 ('CPR') agus faoin Rialachán maidir le pleananna straitéiseacha CBT ((AE) 2021/2115).

Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Leasaítear leis an togra seo Rialachán (AE) 2021/241 lena mbunaítear an tSaoráid um Théarnamh agus um Athléimneacht, Rialachán (AE) 2021/1060 ('Rialachán na bhForálacha Coiteanna'), Cinneadh (AE) 2015/1814 ("Cinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh"), Treoir 2003/87/CE ('an Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí') agus Rialachán (AE) 2021/2115 maidir le pleananna straitéiseacha CBT.

Cuireann an togra leis an gcreat RRF atá ann cheana agus atá ag feidhmiú go maith chun tacaíocht bhreise a chur ar fáil do bhearta atá riachtanach chun dlús a chur le hiarrachtaí an Aontais spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú chun a áirithiú go mbeidh rath ar théarnamh ó ghéarchéim COVID-19, i gcomhréir le cuspóir ginearálta agus sonracha na Saoráide.

Ina theannta sin, trí choincheap na gcaibidlí REPowerEU a thabhairt isteach, cuirtear chun cinn leis an togra comhordú agus sineirgí idir na bearta a dtacaítear leo faoin RRF agus gníomhaíochtaí eile a mhaoinítear le foinsí eile, lena n-áirítear cistí náisiúnta. Ar an gcaoi sin, is féidir le RRF ról creata straitéisigh a ghlacadh le haghaidh thionscnaimh faoi Chumhacht AE, agus ar an gcaoi sin comhlántacht, comhsheasmhacht agus comhleanúnachas na mbeartas agus na ngníomhaíochtaí a rinneadh chun neamhspleáchas agus slándáil sholáthar fuinnimh an Aontais a chothú agus a chostais agus a thionchair shocheacnamaíocha a mhaolú le linn an aistrithe.

Is é is aidhm do na hacmhainní airgeadais breise atá sa togra dlús a chur le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach. Tá údar leis an bhféidearthacht níos mó a aistriú ó ionstraimí eile de chuid an Aontais, amhail cistí Comhtháthaithe, chuig an RRF chun aidhmeanna REPowerEU a bhaint amach, trí ailíniú ard a dhéanamh idir cuspóirí na n-uirlisí sin agus cuspóirí an togra reatha.

Tá an togra comhsheasmhach leis na cuspóirí beartais agus le cistí an bheartais chomhtháthaithe agus an Chomhbheartas Talmhaíochta ina dhiaidh sin. I bhfianaise chuspóir REPowerEU chun an geilleagar a dhícharbónú níos tapúla, tá an cineál tionscadal a bhfuil tacaíocht le fáil acu faoi CEI ailínithe go maith leis na cineálacha infheistíochtaí atá á meas faoi na cistí beartais comhtháthaithe, mar shampla maidir le bearta éifeachtúlachta fuinnimh. Is amhlaidh atá i gcás an Chomhbheartais Talmhaíochta agus go ndírítear ar fhuinneamh in-athnuaite mar phríomhthosaíocht de chuid REPowerEU.

Tá an togra ailínithe go dlúth leis an treoir beartais a chuirtear ar fáil faoin Seimeastair Eorpach. Beidh ar na Ballstáit a mholann modhnú ar a RRP a léiriú go dtugtar aghaidh go héifeachtach ar na moltaí a bhaineann go sonracha le tír faoi leith a eisítear sa chomhthéacs sin le bearta. Déanfar tuairisciú ar an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na mbeart agus na ngníomhaíochtaí a áirítear i gcaibidlí náisiúnta REPowerEU faoi chreat reatha an tSeimeastair Eorpaigh, dá bhforáiltear le Rialachán RRF.

Moltar sa togra ón gCoimisiún an 14 Iúil 2021 COM (2021) 571 go leasófaí an Cinneadh maidir le MSR chun síneadh a chur le dúbailt an ráta iontógála agus leis an gcúlchiste íosta go dtí 2030. Is é is aidhm don togra a áirithiú nach ndéanfaí difear do chuspóirí fadtéarmacha an MSR maidir leis an mbarrachas a laghdú agus athléimneacht an mhargaidh a áirithiú. Sa ghearrthéarma, áfach, mar gheall ar an staid eisceachtúil sna margaí fuinnimh mar thoradh ar ionradh na Rúise ar an Úcráin, ní mór don Aontas leas a bhaint as na hacmhainní uile atá ar fáil chun dlús a chur leis an aistriú ó bhreoslaí iontaise Rúiseacha. Chun na críche sin, ba cheart cuid de na lamháltais atá i CSM faoi láthair, a fhreagraíonn do luach margaidh EUR 20

billiún, a dhíghlasáil agus a leithdháileadh ar RRF chun cuspóirí REPowerEU a chur chun cinn. Is cuid iad na leasuithe atá beartaithe de raon níos leithne beart a rinne an tAontas mar fhreagairt ar an timpeallacht shocheacnamaíoch agus gheopholaitiúil atá athraithe i gcomhthéacs REPowerEU, eadhon an togra le haghaidh Rialachán maidir le stóráil gáis, an togra maidir le dearadh an mhargaidh fuinnimh, an tArdán le haghaidh ceannacháin chomhpháirteacha gáis, agus Straitéis Gréine an Aontais. Tá na hionstraimí sin comhlántach, toisc go ndíríonn an togra seo ar ghníomhaíochtaí REPowerEU a dhreasú agus a chumasú ar an leibhéal náisiúnta, agus tugann na bearta eile sin aghaidh ar ghné Eorpach REPowerEU.

Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Tá an togra comhsheasmhach agus áiríthíonn sé comhlántacht agus sineirgí le beartais eile de chuid an Aontais.

Go háirithe, tá an togra comhsheasmhach le tacar níos leithne tionscnamh chun athléimneacht fuinnimh an Aontais a fheabhsú, go háirithe na tograí ón gCoimisiún maidir le ‘Seoladh le haghaidh 55’, amhail an t-athbhreithniú ar an Tríú Pacáiste Fuinnimh (Treoir 2009/73/AE agus Rialachán 715/2009/AE), an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite (Treoir (AE) 2018/2001) agus an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (Treoir 2012/27/AE), a bhfuiltear ag súil go gcruthóidh siad córas fuinnimh athléimneach inbhuanaithe san Aontas.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

I gcomhréir leis an tríú mír d’Airteagal 175 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, is é is aidhm don rialachán atá beartaithe rannchuidiú le feabhas a chur ar chomhtháthú, trí bhearta lenar féidir leis na Ballstáit spleáchas seachtrach ar fhuinneamh breoslaí iontaise a laghdú agus slándáil an tsoláthair fuinnimh acu a mhéadú, trí tháirgeadh agus soláthar fuinnimh inbhuanaithe a threisiú agus trí acmhainní a chomhthiomsú idir Ballstáit agus idir réigiúin. Is é an aidhm fhoriomlán atá ann soláthar fuinnimh inbhuanaithe agus sábháilte a chinntiú do na Ballstáit uile agus do na saoránaigh uile laistigh den Aontas, agus éagothromaíochtaí móra náisiúnta agus réigiúnacha á gcur san áireamh, agus cothroime shóisialta á cur chun cinn agus aistriú cóir cuimsitheach á áirithiú nach bhfágfar réigiún ar bith gan aon duine ar lár. Leis an staid gheopholaitiúil atá ann faoi láthair, cuireadh béim ar na difríochtaí suntasacha idir na Ballstáit agus na réigiúin maidir leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus go háirithe maidir leis na cinn a allmhairítear ón Rúis. Leis an tionscnamh seo, tá an tAontas ag obair i gcomhar leis na Ballstáit uile agus tá cistí á gcomhthiomsú aige ó fhoinní éagsúla de chuid an Aontais chun acmhainní a scaipeadh go cothrom agus chun tacú le gníomhaíochtaí atá dírithe ar na dúshlán shonracha fuinnimh atá roimh gach Ballstát.

I gcomhréir leis an gcéad mhír d’Airteagal 177 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá tionchar ag an rialachán atá beartaithe ar eagrú na gCistí Struchtúracha tríd an tsolúbthacht chun aistrithe ó chistí an bheartais chomhtháthaithe a dhéanamh a mhéadú.

I gcomhréir leis an gcéad mhír d’Airteagal 192 agus leis an dara mír d’Airteagal 194 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, is é is aidhm don rialachán atá beartaithe athruithe a thabhairt isteach ar an gcóras trádála ar lamháiltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas chun rannchuidiú le cinnteacht an tsoláthair fuinnimh san Aontas a áirithiú.

I gcomhréir le hAirteagal 322 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, leagtar amach sa rialachán atá beartaithe rialacha airgeadais maidir leis an mbuiséad a chur chun

feidhme, trí rialacha a thabhairt isteach maidir le leithreasaí a sholáthar i ndáil leis an ioncam nua.

- **Coimhdeacht**

Is é cuspóir foriomlán an togra comhtháthú a fheabhsú, trí bhearta lenar féidir leis na Ballstáit neamhspleáchas agus slándáil sholáthar fuinnimh náisiúnta agus an Aontais a chothú. Chuige sin, leagtar síos leis an togra oibleagáid nua ar na Ballstáit a RRPanna a thíolacadh nó a mhodhnú chun caibidil REPowerEU a chur san áireamh, ina bhfuil athchóirithe agus infheistíochtaí sonracha lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a bhaineann le fuinneamh. Rud tábhachtach, is faoi na Ballstáit atá sé cinneadh a dhéanamh an mian leo na bearta sin a mhaoiniú trí chistí an Aontais agus/nó trí chistí náisiúnta. Is ábhar leasa choitinn don Aontas ina iomláine é bearta ábhartha a chur chun feidhme chun an tAontas a dhéanamh níos athléimní agus chun a spleáchas a laghdú trí shlabhraí soláthair fuinnimh a éagsúlú. Tá gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun freagairt chumhachtach a chomhordú ar na dúshláin ghéaraitheacha a bhaineann le fuinneamh, lena mbaineann géarú ar phraghsanna fuinnimh, rud a d'fhéadfadh cur leis na héagsúlachtaí agus na neamhionannais shocheacnamaíocha, chomh maith le forbairtí geopholaitiúla ar bhonn inní ag teorainn an Aontais. Ina theannta sin, tá dúshláin chomhchosúla a bhaineann le fuinneamh i ndán do réigiúin áirithe, dúshláin a éilíonn iarrachtaí comhordaithe trasteorann, lena bhféadfar sineirgí níos fearr a bhaint amach.

Beidh luach breise ag baint le hidirghabháil an Aontais trí chreat tiomnaithe a bhunú lena bhféadfar tacú leis na Ballstáit agus athchóirithe agus infheistíochtaí fuinnimh a bhfuil géarghá leo á gceapadh agus á gcur chun feidhme. Ginfear luach breise freisin trí na gníomhaíochtaí sin a chomhordú chun freagairt chomhleanúnach uile-Aontais a áirithiú, agus bearta a chur chun cinn a bheidh curtha in oiriúint do shainiúlachtaí gach Ballstáit ag an am céanna.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta sa mhéid nach dtéann sé thar an méid is lú is gá chun na cuspóirí atá sonraithe a bhaint amach ar leibhéal na hEorpa ná thar an méid is gá chuige sin. Is ráthaíochtaí breise chun prionsabal na comhréireachta a urramú agus chun muinín fhrithpháirteach agus comhar a fhorbairt idir na Ballstáit agus an Coimisiún atá sa lánrogha atá fós ag na Ballstáit nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh acu maidir le bearta REPowerEU ar mian leo tacú leo tríd an gcistiú tiomnaithe faoi RRF agus trí chineál comhthoilíúil an chomhair le linn an phróisis ar fad.

- **An rogha ionstraime**

Chun leas a bhaint as creat RFF atá forbartha cheana féin, rialachán lena leasaítear Rialachán RRF, Rialachán na bhForálacha Coiteanna, an Rialachán lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha arna dtarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta, faoin Treoir ETS, agus an Cinneadh maidir le MSR, is ionstraim dlí iomchuí é chun cuspóirí REPowerEU a chur chun feidhme.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

An 1 Márta 2022, ghlac an Coimisiún an chéad tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme RRF. Léirítear sa tuarascáil go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta agus dearbhaítear inti go bhfuil cur chun feidhme RRF faoi lán seoil.

Maidir leis an aistriú glas go sonrach, meastar go leithdháilfear EUR 224.1 billiún ar an iomlán ar cholún an RRF, arb ionann é agus 50 % den chaiteachas iomlán sna Cláir Náisiúnta um Athchóiriú 22 a glacadh go dtí deireadh mhí an Mhárta 2022. Maidir leis na réimsí sonracha beartais, cuirtear 29 % den chaiteachas aistrithe glas (costas iomlán measta EUR 64.4 billiún) ar leataobh do bhearta éifeachtúlachta fuinnimh, tá 12 % eile (costas iomlán measta EUR 26.7 billiún) curtha i leataobh do chumhacht ghlan – fuinneamh agus gréasáin in-athnuaite, agus is ionann tionscadail ghlasa ilnáisiúnta nó trasteorann agus costas measta iomlán is mó ná EUR 27 billiún.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Cé nach ndearnadh comhairliúchán foirmiúil le páirtithe leasmhara, rinneadh RePowerEU a phlé go fairsing leis na Ballstáit. Mar shampla, an 6 Aibreán 2022 d'eagraigh an Coimisiún plé ar an ábhar seo laistigh de chreat an ghrúpa neamhfhoirmiúil saineolaithe maidir le cur chun feidhme CEI. Ina dhiaidh sin, thionóil an Coimisiún sraith cruinnithe déthaobhacha tiomnaithe le gach Ballstát chun na tosaíochtaí náisiúnta a bhaineann le REPowerEU a phlé.

- **Measúnú tionchair**

Ós togra práinneach é an togra, ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair.

- **Ceartha bunúsacha**

Is maith an éifeacht a bheidh ag an togra ar chaomhnú agus a fhorbairt chearta bunúsacha an Aontais má iarrann agus má fhaigheann na Ballstáit cúnaimh i réimsí a bhaineann leis. Mar shampla, le hathchóirithe agus infheistíochtaí a bhaineann le réimsí amhail an comhrac i gcoinne na bochtaineachta fuinnimh, is féidir tacú le ceartha bunúsacha an Aontais amhail an ceart chun sláine an duine.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Déanfar imchlúdach airgeadais na Saoráide a mhéadú EUR 20 billiún (i bpraghsanna reatha) a mhaoineofar ó lamhátais ETS a chur ar ceant. Cuirfear an méid sin ar fáil do na Ballstáit i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-inaisíochta faoi bhainistíocht dhíreach chun tacú go heisiach le hathchóirithe agus infheistíochtaí a áirítear i gcaibidil REPowerEU. Is ioncam sannta seachtrach de réir bhrí Airteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais atá i méid na tacaíochta neamh-inaisíochta.

Ina theannta sin, beidh na Ballstáit in ann suas le 12.5 % dá leithdháileadh faoin mbeartas comhtháthaithe a aistriú chuig an RRF; Ag cur leis an bhféidearthacht aistrithe 5 % atá ar fáil cheana féin (suas le EUR 17.9 billiún) agus deis aistrithe 7.5 % do chuspóirí REPowerEU amháin a chur leis (suas le EUR 26.9 billiún). Beidh an deis ag na Ballstáit freisin suas le 12.5 % dá leithdháileadh tosaigh faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe

(‘CETFT’) (suas le EUR 7.5 billiún) a aistriú chuig an CEI chun tacú leis na bearta a áirítear sa chaibidil REPowerEU.

Mar thoradh ar aistrithe deonacha na leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí ó na cistí arna rialú ag Rialachán na bhForálacha Coiteanna agus CETFT, déanfar gealltanais ó 2022 do chistí RFC agus ó 2023 i gcás CETFT, agus beidh sé comhoiriúnach le huasteorainneacha an chreata airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 do leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí do Cheannteideal 2a agus do Cheannteideal 3. Déanfar na híocaíochtaí idir 2023 agus 2026, i gcomhréir leis na spriocdhátaí cur chun feidhme don RRF. Beidh an tionchar bliantúil cruinn ag brath ar na suimeanna a aistríonn na Ballstáit go hiarbhír. Cuirfidh an Coimisiún na haistrithe sa nós imeachta buiséadach bliantúil san áireamh, agus cuirfear íocaíochtaí chun feidhme faoi réir cistí a bheith ar fáil.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tá an togra bunaithe ar mhódúlachtaí atá ann cheana chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a áirítear sna RRPanna, agus chun an dul chun cinn sin a thuairisciú, de réir Rialachán RRF. Beidh na bearta a áirítear i gcaibidil REPowerEU faoi réir na socruithe faireacháin céanna le bearta eile RRF, agus táscaire feidhmíochta breise ceaptha chun an dul chun cinn a rianú i dtaca le cuspóirí REPowerEU.

Chun sineirgí agus comhlántacht a áirithiú, ba cheart faisnéis a sholáthar sa chaibidil nua maidir le CumhachtEU maidir le gníomhaíochtaí lena saothraítear cuspóirí REPowerEU nach bhfuil le cistiú faoi RRF, ach trí chistí náisiúnta nó cistí eile de chuid an Aontais. Déanfar faireachán ar na gníomhaíochtaí sin laistigh de chreat an tSeimeastair Eorpaigh atá ann cheana, dá bhforáiltear le Rialachán RRF, i gcomhlántacht iomlán leis na pleananna comhtháite náisiúnta don fhuinneamh agus don aeráid faoin Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus Gníomhú ar son na hAeráide. Chuirfeadh sé sin ar chumas na mBallstát forléargas cuimsitheach a thabhairt ar an ngníomhaíocht bheartais atá beartaithe chun cuspóirí REPowerEU a bhaint amach, chun a áirithiú go dtacóidh an fhoinse maoinithe is iomchuí le gach athchóiriú agus infheistíocht, agus a raon feidhme, a módúlachtaí cur chun feidhme agus a amlíne á gcur san áireamh. Leis sin, d’fhéadfaí, go háirithe, an leas is fearr a bhaint as comhlántachtaí idir an RRF agus na Cistí Comhtháthaithe, mar shampla i dtéarmaí a dtréimhse cur chun feidhme faoi seach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Déantar foráil sa togra seo maidir le leasuithe spriocdhírithé ar ghníomhartha dlí réamhluaite an Aontais chun go bhféadfar rannchuidiú níos mó le cuspóirí REPowerEU, go háirithe trí na Ballstáit a dhreasú chun aguisíní tiomnaithe a chur isteach ina RRP náisiúnta atá ann cheana.

Chun na críche sin, tugtar isteach leis an togra:

- Leasuithe ar Rialachán RRF:
 - Oibleagáid ar na Ballstáit a RRPanna a mhodhnú freisin chun caibidil ar leith maidir le CumhachtEU a thíolacadh, ina leagfar amach bearta agus gníomhaíochtaí atá dírithe ar chuspóirí REPowerEU a bhaint amach;

- Díolúine ón gceanglas maidir le sprioc dhigiteach d'Airteagal 19(3) (f) do bhearta nua a áirítear i gcaibidil REPowerEU (agus an sprioc aeráide d'Airteagal 19(3) (e) á choimeád);
 - Díolúine spriocdhírthe ón oibleagáid prionsabal na neamhshuntasáí a chur i bhfeidhm a leagtar síos in Airteagal 5(2) le haghaidh athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfeabhsaítear an bonneagar fuinnimh chun freastal ar riachtanais láithreacha cinnteachta an tsoláthair le haghaidh ola agus gáis, go háirithe chun go bhféadfar an soláthar a éagsúlú ar mhaithe leis an Aontas ina iomláine,
 - Critéar measúnaithe nua lena bhfreastalaítear ar chuspóirí sonracha REPowerEU,
 - Oibleagáidí tuairiscithe maidir le caibidil REPowerEU.
- Leasú ar Chinneadh (AE) 2015/1814 lena gcuirtear síneadh le ráta reatha ionghabhála na lamháltas le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh go dtí 2030 agus lena bhforáiltear go bhféadfaí cuid de na lamháltais a shealbhaítear ann a scaoileadh agus a chur ar ceant agus an t-ioncam arna ghiniúint a leithdháileadh ar RRF.
 - Leasú ar Threoir 2003/87/CE lena mbunaítear rialacha mionsonraithe maidir le lamháltais a eisíodh ó Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh a chur ar ceant agus maidir leis an ioncam EUR 20 billiún a ghintear a aistriú chuig an tSaoráid Aisghabhála agus Athléimneachta.
 - Leasú ar Rialachán (AE) 2021/1060 lena bhforáiltear go bhféadfadh na Ballstáit suas le 7.5 % dá leithdháileadh náisiúnta a aistriú chuig RRF, sa bhreis ar an bhféidearthacht 5 % atá ann cheana i ndáil le haistriú, chun tacú le hathchóirithe agus le hinfeistíochtaí a áirítear i gcaibidil REPowerEU;
 - Leasú ar Rialachán (AE) 2021/2115 lena bhforáiltear go bhféadfadh na Ballstáit cuid den CETFT a chur i gcrích trí RRF, chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí a áirítear i gcaibidil REPowerEU.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann sé le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060, Rialachán (AE) 2021/2115, Treoir 2003/87/CE agus Cinneadh (AE) 2015/1814

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an tríú mír d'Airteagal 175, an chéad mhír d'Airteagal 177, Airteagal 192(1), Airteagal 194(2) agus Airteagal 322(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún²,

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ó glacadh Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta,³ tá tionchar nach bhfacthas a leithéid roimhe ag imeachtaí geopholaitiúla agus a n-iarmhairtí socheacnamaíocha díreacha agus indíreacha ar shochaí agus ar gheilleagar an Aontais. Go háirithe, tá sé níos soiléire ná riamh go bhfuil slándáil fuinnimh an Aontais fíor-riachtanach chun téarnamh rathúil, inbhuanaithe agus cuimsitheach a bhaint amach ón ngéarchéim COVID-19, mar is gné mhór é freisin a chuireann le teacht aniar gheilleagar na hEorpa.
- (2) Mar gheall ar na naisc dhíreacha idir téarnamh inbhuanaithe, teacht aniar an Aontais agus slándáil fuinnimh an Aontais a fhorbairt, agus an ról atá aige maidir le haistriú cóir cuimsitheach, is ionstraim oiriúnach í an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun rannchuidiú le freagairt an Aontais ar na dúshláin nua sin atá ag teacht chun cinn.

¹ IO C , , lch. .

² IO C , , lch. .

³ Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

- (3) I nDearbhú Versailles an 10-11 Márta 2022 ó na Ceannairí Stáit agus Rialtais, iarradh ar an gCoimisiún plean REPowerEU a mholadh faoi dheireadh mhí na Bealtaine chun deireadh a chur de réir a chéile leis an spleáchas ar allmhairiú breosla iontaise ón Rúis, a athdhearbháíodh ina dhiaidh sin sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 24-25 Márta 2022. Ba cheart é sin a dhéanamh i bhfad roimh 2030 ar bhealach atá comhsheasmhach leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus le cuspóirí aeráide an Aontais do 2030 agus do 2050 atá cumhdaithe sa Dlí Aeráide Eorpach. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2021/241 a leasú chun feabhas a chur ar a chumas tacú le hathchóirithe agus le hinfheistíochtaí atá tiomanta do sholáthar fuinnimh a éagsúlú, go háirithe breoslaí iontaise, agus, ar an gcaoi sin, neamhspleáchas straitéiseach an Aontais a neartú in éineacht le geilleagar oscailte. Ba cheart tacaíocht a thabhairt freisin d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí chun éifeachtúlacht fuinnimh gheilleagair na mBallstát a mhéadú.
- (4) Chun comhlántacht, comhsheasmhacht agus comhleanúnachas na mbeartas agus na ngníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an Aontas agus ag na Ballstáit a uasmhéadú chun neamhspleáchas agus slándáil sholáthar fuinnimh an Aontais a chothú, ba cheart na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin a bhaineann le fuinneamh a bhunú trí chaibidil thiomnaithe 'REPowerEU' de na pleananna téarnaimh agus athléimneachta.
- (5) Chun raon feidhme fhreagairt an Aontais a uasmhéadú, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit uile a mbeidh plean téarnaimh agus athléimneachta á thíolacadh acu tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo caibidil REPowerEU a áireamh ina bplean. Ba cheart feidhm a bheith ag an gceanglas sin, go háirithe, maidir le pleananna athbhreithnithe arna dtíolacadh ag na Ballstáit ón 30 Meitheamh 2022 chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe a chur san áireamh.
- (6) Ba cheart athchóirithe agus infheistíochtaí nua a chuireann le haidhmeanna REPowerEU a chur san áireamh i gcaibidil REPowerEU. Ina theannta sin, ba cheart achoimre a bheith sa chaibidil sin ar bhearta eile, a mhaoineítear ó fhoinsí seachas an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, lena gcuirtear leis na cuspóirí a bhaineann le fuinneamh a leagtar amach in aithris (3). Ba cheart go gcumhdófaí sa chur síos bearta ar cheart a chur chun feidhme idir an 1 Feabhra 2022 agus an 31 Nollaig 2026, an tréimhse ina mbainfear amach na cuspóirí a leagtar síos leis an Rialachán seo. Maidir le bonneagar gáis nádúrtha, ba cheart go dtógfadh infheistíochtaí agus athchóirithe chaibidlí REPowerEU chun an soláthar a éagsúlú ón Rúis ar na riachtanais atá sainaitheanta faoi láthair tríd an measúnú arna dhéanamh agus arna chomhaontú ag an Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Gáis (ENTSOG), a bunaíodh de mheon na dlúthpháirtíochta maidir le slándáil an tsoláthair, agus ba cheart na bearta ullmhachta treisithe a chur san áireamh chun iad féin a chur in oiriúint do bhagairtí nua geopholaitiúla. Ar deireadh, ba cheart míniú agus cainníochtú ar éifeachtaí chomhcheangal na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí arna maoiniú ag an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus na bearta eile arna maoiniú ag foinsí eile seachas an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a chur ar fáil i gcaibidlí REPowerEU.
- (7) Ba cheart critéar iomchuí measúnaithe a chur isteach chun go bhfeidhmeoidh an Coimisiún mar bhonn chun go ndéanfaidh an Coimisiún measúnú ar athchóirithe agus ar infheistíochtaí a áirítear i gcaibidil REPowerEU chun a áirithiú go mbeidh athchóirithe agus infheistíochtaí oiriúnach chun na cuspóirí sonracha a bhaineann le REPowerEU a bhaint amach. Ba cheart rátáil a bheith ag teastáil faoin gcritéar measúnaithe nua seo le go ndéanfaidh an Coimisiún measúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta ábhartha.

- (8) Ní leor infheistíochtaí i mbonneagar agus i dteicneolaíochtaí amháin chun a áirithiú go laghdófar spleáchas ar bhreoslaí iontaise. Ba cheart acmhainní a thiomnú d'athoiliúint agus d'uasoiiliúint daoine, chun scileanna glasa a thabhairt don lucht saothair. Tá sé sin i gcomhréir le cuspóir Chiste Sóisialta na hEorpa Plus, a bhfuil sé mar aidhm leis tacú leis na Ballstáit fórsa saothair oilte athléimneach a bhaint amach, a bheidh réidh don saol oibre a bheidh ann amach anseo. I bhfianaise an méid sin, ba cheart go gcuideodh acmhainní arna n-aistriú ó Chiste Sóisialta Plus na hEorpa le bearta tacaíochta chun an lucht saothair a athoiliúint agus a uas-sciliú. Déanfaidh an Coimisiún measúnú féachaint an gcuireann na bearta a áirítear i gcaibidlí REPowerEU go mór le tacú le hathcháiliú an lucht saothair i dtreo scileanna glasa.
- (9) Ba cheart cur i bhfeidhm an chórais seo a bheith gan dochar do na ceanglais dhlíthiúla eile go léir faoi Rialachán (AE) 2021/241 mura bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo.
- (10) Ba cheart don phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear an chaibidil maidir le REPowerEU, rannchuidiú le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin ar fad nó ar fhothacar suntasach de na dúshláin arna sainaithint sna moltaí tír-shonracha, lena n-áirítear na moltaí tír-shonracha atá le glacadh faoi thimthriall Sheimeastar 2022 ina ndéantar tagairt inter alia do na dúshláin fuinnimh atá roimh na Ballstáit.
- (11) Tá infheistíochtaí suntasacha digiteacha i gceist le haistriú éifeachtach i dtreo fuinneamh glas agus le laghdú ar spleáchas ar fhuinneamh. I bhfianaise Rialachán (AE) 2021/241, ba cheart do na Ballstáit míniú a thabhairt ar an gcaoi a bhfuiltear ag súil leis go rannchuideoidh na bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear iad siúd a áirítear i gcaibidil REPowerEU, leis an aistriú digiteach nó leis na dúshláin a eascraíonn as agus an dtugann siad cuntas ar an méid a chuireann siad leis an sprioc dhigiteach bunaithe ar an modheolaíocht le haghaidh clibeáil dhigiteach. Mar sin féin, i bhfianaise phráinn agus thábhacht na ndúshlán fuinnimh atá roimh an Aontas gan fasach, níor cheart athchóirithe agus infheistíochtaí a áirítear i gcaibidil REPowerEU a chur san áireamh agus leithdháileadh iomlán an phlean á ríomh chun críche an ceanglas maidir le sprioc dhigiteach a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241 a chur i bhfeidhm.
- (12) De bhun Airteagal 18(4) pointe (q) de Rialachán (AE) 2021/241, ba cheart do na Ballstáit achoimre a sholáthar freisin ar phróiseas comhairliúcháin na n-údarás áitiúil agus réigiúnach agus na ngeallsealbhóirí ábhartha eile, lena n-áirítear, de réir mar is ábhartha, ó earnáil na talmhaíochta, le haghaidh na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a áirítear sa chaibidil REPowerEU. Ba cheart torthaí na gcomhairliúcháin sin a mhíniú in achoimrí den sórt sin agus ba cheart achoimre a thabhairt ar an gcaoi ar léiríodh an t-ionchur a fuarthas i gcaibidlí REPowerEU.
- (13) Tá cur i bhfeidhm an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' bunriachtanach chun a áirithiú go gcuirfeadh chun feidhme ar bhealach inbhuanaithe na hinfeistíochtaí agus na hathchóirithe a dhéantar mar chuid den téarnamh ón bpaindéim. Ba cheart go leanfadh sé d'fheidhm a bheith aige maidir leis na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí a dtacaíonn an tSaoráid leo, le díolúine spriocdhírthe amháin chun ábhar inní láithreach AE maidir le slándáil fuinnimh a chosaint. I bhfianaise an chuspóra maidir le soláthairtí fuinnimh a éagsúlú ó sholáthróirí Rúiseacha, níor cheart a cheangal ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí a leagtar amach sna caibidlí sin de chuid REPowerEU, arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar an mbonneagar fuinnimh agus ar na saoráidí fuinnimh chun riachtanais láithreach an tsoláthair le

haghaidh ola agus gáis a chomhlíonadh, an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ a chomhlíonadh agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a dhíolmhú ón measúnú sin.

- (14) Ba cheart tuilleadh dreasachtaí a thabhairt do na Ballstáit iasachtaí a iarraidh, tríd an nós imeachta maidir le leithdháileadh iasachtaí a shoiléiriú. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/241, féadfaidh na Ballstáit iasachtaí a iarraidh go dtí an 31 Lúnasa 2023. Ba cheart rún chun iarratas iasachta a chur isteach a chur in iúl don Choimisiún 30 lá tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo ionas gur féidir athdháileadh na gcistí atá fágtha a chur i gcrích ar bhealach ordúil.
- (15) Ina theannta sin, d’fhonn ardleibhéal uailmhéine a dhreasú le haghaidh athchóirithe agus infheistíochtaí atá le cur san áireamh i gcaibidil REPowerEU, ba cheart foinsí cistiúcháin tiomnaithe nua a chur ar fáil.
- (16) Cé go bhfuil gá le ráta reatha na lamháltas a shíneadh chuig Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh chun nach dtiocfaidh méadú suntasach ar bharrachas na lamháltas i dtrádáil lamháltas i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas, mar gheall ar an staid eacnamaíoch agus gheopholaitiúil atá ann faoi láthair, ní mór don Aontas leas a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil chun soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú go tapa agus spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú roimh 2030. Sa chomhthéacs sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2015/1814 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴ agus Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵ a leasú chun síneadh a chur le ráta glactha 24 % Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh go dtí 2030, agus ag an am céanna foráil a dhéanamh maidir le sciar de na lamháltais ó Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh agus le hioncam a dhíriú i dtreo athchóirithe agus infheistíochtaí a rannchuidíonn le cuspóirí REPowerEU, i gcreat na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, a scaoileadh agus a chur ar luach airgid.
- (17) Ba cheart Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶ a leasú chun foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht suas le 7.5 % d’acmhainní na gclár bainistíochta comhroinnte a rialaítear leis an Rialachán sin a aistriú chuig an tSaoráid chun cuspóirí REPowerEU a bhaint amach, chomh maith leis an bhféidearthacht aistrithe atá ann cheana go dtí 5 %. Tá údar maith leis an bhféidearthacht sin mar gheall ar an ngá atá ann cuspóirí REPowerEU a chumhdach, rud a thugann solúbthacht bhreise do na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais phráinneacha sin. Thairis sin, fágann an tSaoráid gur féidir cistí a íoc amach go tapa, rud a fhágann go bhfuil sí an-oiriúnach do bhearta práinneacha a bhaineann le fuinneamh a mhaoiniú. Ba cheart bonn cirt a bheith le haistrithe den sórt

⁴ Cinneadh (AE) 2015/1814 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhar 2015 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú le haghaidh scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE, IO L 264/1

⁵ Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle

⁶ Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosáí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

sin i ngeall ar riachtanas airgeadais níos airde a bheith ann a bheadh nasctha le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise a áirítear sa chaibidil maidir le REPowerEU.

- (18) Ba cheart Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷ a leasú freisin chun deis a thabhairt suas le 12.5 % den Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe a sholáthar tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Tá údar maith leis an modh seachadta sin trí chomhlántacht agus sineirgí idir na hionstraimí sin i dtaca leis na cuspóirí chun úsáid leasachán sintéiseach a laghdú, nó táirgeadh bithmheatáin inbhuanaithe nó fuinnimh in-athnuaite a mhéadú, i gcomhréir le cuspóirí an Chomhbheartais Talmhaíochta a leagtar amach in Airteagal 39 CFAE. Tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, ba cheart go gcuirfí dlús le heisioc na gcistí le tairbhíthe ón earnáil talmhaíochta, rud atá ríthábhachtach i bhfianaise phráinne na gcuspóirí a bhaineann le fuinneamh.
- (19) Déanfar eisíocaíochtaí faoi REPowerEU de réir rialacha na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta go dtí deireadh 2026. Beidh íocaíochtaí i ndáil leis na hacmhainní arna n-aistriú ó chistí bainistíochta comhroinnte faoi réir infhaighteacht na gcistí a fhorhmeastar i mbuiséad bliantúil an Aontais.
- (20) Ba cheart údar a bheith le hiarraidh ar chistiú tiomnaithe do bhearta faoi REPowerEU, lena n-áirítear leithdháileadh ó Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh, aistrithe ó na cistí atá faoi rialú ag Rialachán (AE) 2021/1060 agus a leithdháiltear ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, arna gcur isteach i bplean, de bharr riachtanais airgeadais níos airde a bhaineann le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise a áirítear sa chaibidil maidir le REPowerEU.
- (21) Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a leagtar amach i gcaibidil REPowerEU agus ar a mhéid a rannchuidíonn siad le cuspóirí REPowerEU, a bhunaítear le Rialachán (AE) 2021/241.
- (22) Bhí tionchar ag imeachtaí geopholaitiúla a tharla le déanaí ar phraghsanna fuinnimh agus ábhar tógála agus ba chúis le ganntanais sna slabhraí soláthair domhanda. D'fhéadfadh tionchar díreach a bheith ag na forbairtí sin ar an gcumas roinnt infheistíochtaí a áirítear sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme. A mhéid is féidir leis na Ballstáit a léiriú go bhfuil cloch mhíle nó sprioc shonrach ag baint leis na forbairtí sin, bíodh sin ina n-iomláine nó i bpáirt, nach féidir iad a bhaint amach a thuilleadh, féadfar na cásanna sin a agairt mar imthosca oibiachtúla faoi Airteagal 21. Ní fhéadfaidh na forbairtí sin a bheith ina n-imthosca oibiachtúla maidir le hathchóirithe a athbhreithniú, toisc nach mbíonn na hathchóirithe spleách ar an gcostas de ghnáth. Ina theannta sin, níor cheart go mbainfeadh aon iarraidh ar leasuithe an bonn de chur chun feidhme foriomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta.

⁷ Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do pleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 mar a leanas:

(1) In Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. I gcomhréir leis na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán seo, an comhleanúnachas agus na sineirgí a ngintear leo, agus i gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19, ba cheart gurb é cuspóir ginearálta na Saoráide ná comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a chur chun cinn trí fheabhas a chur ar athléimneacht, ar ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, ar acmhainn choigeartaithe agus ar acmhainneacht fáis na mBallstát, trí tionchar sóisialta agus eacnamaíoch na géarchéime sin, go háirithe ar na mná, a mhaolú, trí rannchuidiú le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, trí thacú leis an aistriú glas, agus trí rannchuidiú le spriocanna aeráide 2030 an Aontais a ghnóthú, ar spriocanna iad a leagtar amach i bpointe (11) d’Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2018/1999, **agus trí athléimneacht chóras fuinnimh an Aontais a mhéadú trí spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus trí sholáthar fuinnimh a éagsúlú ar leibhéal an Aontais (‘cuspóirí REPowerEU’)** lena rannchuideofar, dá bhrí sin, le cóineasú eacnamaíoch agus sóisialta aníos, fás inbhuanaithe agus comhtháthú inbhuanaithe gheilleagair an Aontais a athbhunú agus a chur chun cinn, cothú á dhéanamh ar fhostaíocht ardcháilíochta a chruthú, agus lena rannchuideofar le huathriail straitéiseach an Aontais in éineacht le geilleagar oscailte agus lena nginfear breisluach Eorpach.’

(2) Leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:

(a) I mír 3, cuirtear an pointe seo a leanas isteach tar éis phointe (b):

‘(ba) i gcás inarb infheidhme, na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 21c(1);’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Ní bheidh an tacaíocht iasachta do phlean téarnaimh agus athléimneachta an Bhallstáit lena mbaineann níos airde ná an difríocht idir costais iomlána an phlean téarnaimh agus athléimneachta, mar a athbhreithníodh, agus an ranniocaíocht uasta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 11, **lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, an t-ioncam dá dtagraítear in Airteagal 21d agus, i gcás inarb ábhartha, acmhainní ó chláir bhainistithe chomhroinnte chun tacú le cuspóirí REPowerEU dá dtagraítear in Airteagal 21b.**’

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. De mhaolú ar mhír 5, faoi réir acmhainní a bheith ar fáil, féadfar, in imthosca eisceachtúla, méid na tacaíochta iasachta a mhéadú, **agus riachtanais an Bhallstáit iarrthaigh á gcur san áireamh, mar aon le hiarrataí ar thacaíocht iasachta atá curtha isteach cheana féin ag Ballstáit eile nó atá beartaithe acu a thíolacadh, agus prionsabail na córa comhionainne, na dlúthpháirtíochta, na comhréireachta agus na trédhearcachta á gcur i bhfeidhm ag an am céanna. Chun cur i bhfeidhm na bprionsabal sin a éascú, cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún laistigh de 30 lá tar éis [theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo], an bhfuil sé ar intinn acu tacaíocht iasachta a iarraidh.**’

(3) In Airteagal 18 (4) (q), cuirtear an abairt seo a leanas isteach:

‘(q) chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a ullmhú agus, i gcás ina mbeidh fáil air, a chur chun feidhme, achoimre ar an bpróiseas comhairliúcháin le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile, a rinneadh i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta, , agus an chaoi a léirítear ionchur na bpáirtithe leasmhara sa phlean téarnaimh agus athléimneachta; **Go háirithe, míneofar san achoimre ar an bpróiseas comhairliúcháin toradh na gcomhairliúchán leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus le geallsealbhóirí ábhartha eile maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí a áirítear i gcaibidil REPowerEU agus tabharfar achoimre ann ar an gcaoi a léiríodh an t-ionchur a fuarthas i gcaibidil REPowerEU;**’

(4) In Airteagal 19(3), cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘(da) an rannchuidíonn na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 21c(1) go héifeachtach le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais nó le laghdú a dhéanamh ar spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.’’;

(5) In Airteagal 23, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘A luaithe a ghlacfaidh an Chomhairle cinneadh cur chun feidhme mar a thagraítear dó in Airteagal 20(1), tabharfaidh an Coimisiún comhaontú i gcrích leis an mBallstát lena mbaineann ina mbeidh gealltanais dlíthiúil aonair de réir bhrí an Rialacháin Airgeadais. Maidir le gach Ballstát, ní bheidh an gealltanais dlíthiúil níos mó ná **iomlán** na ranníocaíochta dá dtagraítear i bpointe (a) d’Airteagal 11(1) le haghaidh 2021 agus 2022, an ranníocaíocht airgeadais nuashonraithe dá dtagraítear in Airteagal 11(2) le haghaidh 2023 **agus an méid a ríomhtar faoi Airteagal 21d(2).**’

(6) Cuirfear isteach an chaibidil seo a leanas i ndiaidh Chaibidil III:

‘CAIBIDIL IIIa

REPowerEU

Airteagal 21 a

Ioncam nua

- (1) Beidh EUR 20 000 000 000 i bpraghsanna reatha ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 10e(4) de Threoir 2003/87/CE, le cur chun feidhme faoin Rialachán seo chun athléimneacht chóras fuinnimh an Aontais a mhéadú trí spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus éagsúlú na soláthairtí fuinnimh ar leibhéal an Aontais a laghdú. Cuirfear an méid sin ar fáil i bhfoirm ioncam sannta seachtrach de réir bhrí Airteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais.
- (2) Déanfar sciar na n-acmhainní dá dtagraítear i mír 1 atá ar fáil do gach Ballstát a ríomh ar bhonn na dtáscairí a shainítear don ranníocaíocht uasta airgeadais, mar a leagtar amach sa mhodheolaíocht in Iarscríbhinn II, le haghaidh 70 % den mhéid agus den mhodheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn III le haghaidh 30 % den mhéid.
- (3) Leithdháilfear an méid dá dtagraítear i mír 1 go heisiach ar bhearta dá dtagraítear in Airteagal 21c(1).
- (4) Déanfar leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí lena gcumhdaítear an méid dá dtagraítear i mír 1 a chur ar fáil go huathoibríoch suas go dtí na méideanna

faoi seach dá dtagraítear sa mhír sin ón [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].

- (5) Féadfaidh gach Ballstát iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun méid nach mó ná a sciar a leithdháileadh, trí na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a bhfuil tuairisc orthu in Airteagal 21c(1) a áireamh ina phlean agus a gcostais mheasta á lua.
- (6) Leagfar síos leis an gcinneadh cur chun feidhme ón gComhairle arna ghlacadh de bhun Airteagal 20(1) tar éis togra a fháil ón gCoimisiún méid an ioncaim dá dtagraítear in Airteagal 10e (1) de Threoir 2003/87/CE a leithdháiltear ar an mBallstát tar éis chur i bhfeidhm mhír 2, a bheidh le híoc i dtráthchodanna, faoi réir an chistithe atá ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 24 den Rialachán seo, a luaithe a bheidh na garspriocanna agus na spriocanna a sainaitníodh maidir le cur chun feidhme na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 21c (1) comhlíonta go sásúil ag an mBallstát.

Airteagal 21b

Acmhainní ó chláir bhainistíochta comhroinnte chun tacú le cuspóirí REPowerEU

- (1) Féadfar acmhainní arna leithdháileadh ar Bhallstáit faoin mbainistíocht chomhroinnte a aistriú nó a leithdháileadh ar na Ballstáit, arna iarraidh sin dóibh, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 26ú de Rialachán (AE) 2021/1060 agus in Airteagal 81d de Rialachán (AE) 2021/2115. Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit lena mbaineann, agus chuige sin amháin.
 - (a) Féadfar acmhainní a aistriú faoi Airteagal 26ú de Rialachán (AE) 2021/1060 chuig bearta tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal 21c(1) den Rialachán seo, ar choinníoll gur iarr an Ballstát aistrithe ó Chiste ar leith cheana suas go dtí uasteorainn 5 % i gcomhréir leis an gcéad fhomhír agus an dara fhomhír d'Airteagal 26(1).
 - (b) Tacóidh na hacmhainní a leithdháiltear faoi Airteagal 81d de Rialachán (AE) 2021/2115 le bearta in Airteagal 21c(1)(b) den Rialachán seo maidir le hinfheistíochtaí feirme chun leasa feirmeoirí nó grúpaí feirmeoirí, go háirithe chun rannchuidiú le húsáid leasachán sintéiseach a laghdú, táirgeadh fuinnimh in-athnuaite agus bithmheatán inbhuanaithe a mhéadú, agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú.
- (2) Déanfar íocaíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 24 den Rialachán seo agus beidh siad faoi réir an chistithe atá ar fáil.
- (3) Déanfaidh an Coimisiún na hacmhainní sin a chur chun feidhme go díreach i gcomhréir le hAirteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (a) den Rialachán Airgeadais.

Airteagal 21c

Caibidil REPowerEU sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta

- (1) Beidh caibidil REPowerEU sa phlean téarnaimh agus athléimneachta a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin tar éis [theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo]. Leagfar amach sa chaibidil REPowerEU athchóirithe agus infheistíochtaí lena ngarspriocanna agus lena spriocanna comhfhreagracha,

seachas bearta dá dtagraítear i mír 2(a), lena ndírítear ar rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) feabhas a chur ar bhonneagar fuinnimh agus ar shaoráidí fuinnimh chun freastal ar riachtanais láithreacha slándála an tsoláthair ola agus gás, go háirithe le go mbeifear in ann an soláthar a éagsúlú ar mhaithe le leas an Aontais ina iomláine,
 - (b) borradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh, an tionsclaíocht a dhícharbónú, táirgeadh agus glacadh bithmheatáin inbhuanaithe agus hidrigine in-athnuaite nó saor ó iontaise a mhéadú agus sciar an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú,
 - (c) aghaidh a thabhairt ar scrogaill tarchurtha fuinnimh inmheánacha agus trasteorann agus tacaíocht a thabhairt d’iompar gan astaíochtaí nialasacha agus dá bhonneagar, iarnróid san áireamh,
 - (d) tacú leis na cuspóirí i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) tríd an lucht saothair a athcháiliú chun scileanna glasa a bhaint amach, chomh maith le tacú leis na slabhraí luacha in ábhair agus teicneolaíochtaí lárnacha atá nasctha leis an aistriú glas.
- (2) Beidh an méid seo a leanas sa chaibidil REPowerEU freisin:
- (a) I gcás inarb infheidhme, tuairisc ar athchóirithe agus ar infheistíochtaí sna cinní cur chun feidhme ón gComhairle a glacadh cheana, ar cinní iad a mheastar a chuirfidh le cuspóirí REPowerEU;
 - (b) achoimre ar bhearta eile a chuireann le cuspóirí REPowerEU le féilire comhfhreagrach, a bheidh le cur chun feidhme ón 1 Feabhra 2022 go dtí an 31 Nollaig 2026 gan tacaíocht airgeadais faoin tSaoráid;
 - (c) míniú ar an gcaoi a bhfuil teaghlaim de na bearta dá dtagraítear i mír 1 agus i bpointe (a) agus i bpointe (b) den mhír seo comhleanúnach agus éifeachtach agus conas a mheastar go rannchuideoidh sé le cuspóirí REPowerEU, lena n-áirítear cainníochtú ar an gcoigilteas fuinnimh.
- (3) Ní chuirfear costais mheasta na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí atá i gcaibidil REPowerEU faoi mhír 1 san áireamh agus leithdháileadh iomlán an phlean faoi Airteagal 18(4), pointe (f) agus Airteagal 19(3), pointe (f) á ríomh.
- (4) De mhaolú ar Airteagail 5(2), 17(4), 18(4) pointe (d) agus 19(3) pointe (d), ní bheidh feidhm ag prionsabal “gan dochar suntasach a dhéanamh” de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 maidir leis na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí a bhfuiltear ag súil go rannchuideoidh siad le cuspóirí REPowerEU faoi mhír 1, pointe (a) den Airteagal seo.
- (5) Beidh forálacha an Rialacháin seo infheidhme mutatis mutandis maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí chaibidil REPowerEU, mura bhforáiltear a mhalairt.

Airteagal 21d

Faireachán ar chur chun feidhme chaibidil REPowerEU

- (1) Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme na mbeart a leagtar amach i gcaibidil REPowerEU agus ar a mhéid a rannchuidíonn siad le cuspóirí REPowerEU.
 - (2) Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil maidir leis an dul chun cinn i ndáil le cur chun feidhme chaibidil REPowerEU sa tuarascáil bhliantúil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, i gcomhréir le hAirteagal 31.'
- (7) Leasaítear Iarscríbhinn V i gcomhréir leis an Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060 mar a leanas:

- (1) Cuirtear an pointe seo a leanas le hAirteagal 11(1):

‘(e) i gcás inarb infheidhme, miondealú na n-acmhainní airgeadais de réir catagóir réigiúin arna tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 108(2) agus méideanna na leithdháiltí a bheartaítear a aistriú de bhun Airteagail 26, **26a** agus 111, lena n-áirítear údar le aistrithe den sórt sin;’
- (2) In Airteagal 22(3)(g), cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘(i) tábla ina sonrú na leithdháiltí airgeadais iomlána do gach ceann de na Cistí agus, i gcás inarb infheidhme, do gach catagóir réigiúin don chlárthréimhse ina hiomláine agus de réir bliana, lena n-áirítear aon mhéideanna arna n-aistriú de bhun Airteagal 26, **Airteagal 26a** nó 27;’
- (3) In Airteagal 26(1), cuirtear an méid seo a leanas isteach tar éis dheireadh na chéad fhomhíre:

“I gcás ina mbeidh an Comhaontú Comhpháirtíochta formheasta agus nach bhfuil clár amháin nó níos mó glactha go fóill, féadfar aistriú chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/241 a iarraidh trí fhógra a thabhairt faoi athbhreithniú na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 11(1) pointe (c), pointe (e) agus pointe (h) i gcomhréir le hAirteagal 69(9).”
- (4) In Airteagal 26(1) cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

2. De mhaolú ar Airteagal 40(2), pointe (d) agus an mhír thuas, rachfar i gcomhairle leis an gcoiste faireacháin maidir le leasú an chláir, i gcás ina bhfuil an leasú sin teoranta go docht don mhéid is gá chun críocha an aistrithe chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

‘3. I gcás inar formheasadh an Comhaontú Comhpháirtíochta agus ina n-iarrtar an t-aistriú mar chuid d’aighneacht cláir, ní chuirfear an neamhréireacht a d’eascair as sin san áireamh nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar an gclár de bhun Airteagal 23(1).’
- (5) Cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 26 a

Aistriú chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta

- (1) Féadfaidh na Ballstáit a chuirfidh plean téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin ina bhfuil caibidil REPowerEU i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/241 a iarraidh go n-aistreofaí suas le 7.5 % dá leithdháileadh náisiúnta tosaigh maidir le gach Ciste chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, ar choinníoll gur iarr an Ballstát aistrithe ón gCiste sonrach sin cheana suas go dtí uasteorainn 5 % i gcomhréir leis an gcéad fhomhír agus leis an dara fhomhír d'Airteagal 26(1). Déanfar an iarraidh ar aistriú sa Chomhaontú Comhpháirtíochta, lena n-áirítear trí fhógra a thabhairt faoi athbhreithniú ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 11(1) pointe (c), pointe (e) agus pointe (h) i gcomhréir le hAirteagal 69(9) nó in iarraidh ar leasú ar chlár. I gcás iarraidh ar aistriú a bhaineann le leasú ar chlár, ní fhéadfar ach acmhainní na mblianta féilire atá le teacht a aistriú. Beidh aistrithe den sórt sin sa bhreis ar an bhféidearthacht acmhainní atá beartaithe faoi Airteagal 26 den Rialachán seo a aistriú.
- (2) Cuirfear acmhainní aistrithe chun feidhme i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) 2021/241 agus úsáidfear iad ar mhaithe leis an mBallstát lena mbaineann.
- (3) I gcás inar formheasadh an Comhaontú Comhpháirtíochta, agus ina n-iarrtar an t-aistriú sula bhformheasfar ceann amháin nó níos mó de na cláir, ní chuirfear an neamhréireacht idir an Comhaontú Comhpháirtíochta agus na cláir san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar an gclár de bhun Airteagal 23(1). I gcásanna den sórt sin, tíolacfaidh an Ballstát lena mbaineann athbhreithniú ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointe (c), pointe (e) agus pointe (h) d'Airteagal 11(1), agus beidh an t-athbhreithniú sin ina iarraidh ar aistriú de réir bhrí an Airteagail seo.
- (4) I gcás inar gá clár a leasú chun críche na n-aistrithe a leagtar amach san Airteagal seo, de mhaolú ar Airteagal 24(2) agus (4), glacfaidh an Coimisiún an leasú nó diúltóidh sé é maidir leis an aistriú agus leis na hathruithe a dhéantar dá bharr ar an gclár laistigh de mhí amháin tar éis an dáta a chuirfidh an Ballstát an clár isteach. De mhaolú ar Airteagal 40(2), pointe (d), rachfar i gcomhairle leis an gcoiste faireacháin maidir le leasú an chlár. Leagfar amach in iarrataí ar chlár a leasú an méid iomlán a aistreofar do gach bliain de réir Ciste agus de réir catagóire réigiúin, i gcás inarb infheidhme.
- (5) Ní bheidh acmhainní JTF, lena n-áirítear aon acmhainní arna n-aistriú ó CFRE agus ó CSE+ i gcomhréir le hAirteagal 27, inaistrithe chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta de bhun an Airteagail seo.
- (6) I gcás nach bhfuil gealltanais dlíthiúil déanta ag an gCoimisiún d'acmhainní a aistríodh i gcomhréir le mír 1, féadfar na hacmhainní comhfhreagracha nár gealladh a aistriú ar ais chuig an gCiste ónar aistríodh iad i dtosach agus a leithdháileadh chuig clár amháin nó níos mó iad, i gcomhréir leis na forálacha in Airteagal 26(7), in Airteagal 26(8) agus in Airteagal 26(9).'
- (6) Déantar Iarscríbhinní II agus V a leasú i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 mar a leanas:

- (1) Cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

Airteagal 81 a

Úsáid CETFT arna seachadadh tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta

- (1) Féadfaidh na Ballstáit a chuireann plean téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, ina bhfuil caibidil maidir le REPowerEU i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, suas le 12.5 % dá leithdháileadh tosaigh do CETFT a leithdháileadh, sa togra le haghaidh Plean Straitéiseach faoi CBT dá dtagraítear in Airteagal 118 nó san iarraidh ar Phlean Straitéiseach faoi CBT dá dtagraítear in Airteagal 119 a leasú, suas le 12.5 % dá leithdháileadh tosaigh le haghaidh CETFT don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.
- (2) Cinnfidh na Ballstáit an méid iomlán a ranníocfar i gcomhair gach bliana. I gcás iarraidh ar leasú ar Phlean Straitéiseach CBT, ní bhainfidh na méideanna sin ach le blianta atá le teacht
- (3) I gcás inar gá Plean Straitéiseach faoi CBT a leasú chun críche na n-aistrithe a leagtar amach san Airteagal seo, de mhaolú ar Airteagal 119(6), glacfaidh an Coimisiún an leasú ina bhfuil an leithdháileadh agus na hathruithe a thig as ar an bPlean Straitéiseach faoi CBT laistigh de mhí amháin tar éis an dáta a gcuirfidh an Ballstát an iarraidh isteach, nó diúltóidh sé dó. Ní chuirfear an leasú san áireamh maidir leis an uaslíon iarrataí ar leasú dá bhforáiltear in Airteagal 119(7).
- (4) Féadfaidh na Ballstáit na Pleananna Straitéiseacha faoi CBT atá beartaithe a athbhreithniú chun críche leithdháilte a leagtar amach san Airteagal seo, tráth ar bith sula bhformheasfaidh an Coimisiún iad.
- (5) Cuirfear san áireamh go hiomlán an leithdháileadh CETFT a sholáthrófar tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, i gcomhréir le mír 1:
 - (a) agus an leithdháileadh airgeadais íosta dá dtagraítear in Airteagal 93(1) á ríomh agus chun críche Airteagal 93(3) measfar gur idirghabháil dá dtagraítear in Airteagal 93(2) é. Cuirfear 100 % den chaiteachas leithdháilte san áireamh le haghaidh an ríomha dá dtagraítear in Airteagal 93(2);
 - (b) agus laghdú an leithdháilte íosta airgeadais d'éciciscéimeanna á ríomh mar a shainmhínítear in Airteagal 97(2) é, agus chun críche Airteagal 97(3) measfar gur idirghabháil iad i gcomhréir le hAirteagail 70, 72, 73 agus 74.
- (6) I gcás nach bhfuil gealltanais dlíthiúil déanta ag an gCoimisiún maidir le hacmhainní a leithdháiltear i gcomhréir le mír 1, féadfar na hacmhainní comhfhreagracha nár gealladh a aistriú ar ais chuig CETFT.
 - (a) Chuige sin, tíoacfaidh an Ballstát iarraidh ar leasú ar Phlean Straitéiseacha CBT i gcomhréir le hAirteagal 119, 4 mhí ar a dhéanaí roimh an teorainn ama le haghaidh gealltanais a leagtar amach sa chéad fhomhír d'Airteagal 114(2) den Rialachán Airgeadais. Ní chuirfear leasú den sórt sin san áireamh maidir leis an uaslíon iarrataí ar leasú dá bhforáiltear in Airteagal 119(7).

- (b) Acmhainní a aistreofar ar ais chuig CETFT, cuirfear chun feidhme iad i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo ón dáta a gcuirfear isteach an iarraidh ar leasú ar chlár i gcomhréir le pointe (a) thuas.
- (c) I gcás na n-acmhainní a aistrítear ar ais chuig CETFT i gcomhréir le mír 6 den Airteagal seo, tosóidh teorainn ama an tsaortha mar a shainmhínítear in Airteagal 34(1) de Rialachán (AE) 2021/2116 sa bhliain ina ndéantar na gealltanais bhuiséadacha chomhfhreagracha.

In Airteagal 112(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (d):

‘(d) i gcás inarb ábhartha, aistriú leithdháiltí Ballstáit as CETFT do thacaíocht faoi InvestEU nó an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, i gcomhréir le hAirteagal 81 nó 81a den Rialachán seo faoi seach, faoi Rialachán (AE) 2021/783 nó faoi Rialachán (AE) 2021/817 i gcomhréir le hAirteagal 99 den Rialachán seo;’

Airteagal 4

- (1) I dTreoir 2003/87/CE, cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

Airteagal 10e

An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta

- (1) Ar feadh na tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2026, cuirfear na lamháltais a scaoiltear de bhun Airteagal 1(6) de Chinneadh (AE) 2015/1814 ar ceant go dtí go mbeidh EUR 20 billiún sroichte ag an méid ioncaim a fuarthas ó cheantáil den sórt sin. Cuirfear an t-ioncam sin ar fáil don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/241 agus cuirfear chun feidhme é i gcomhréir le forálacha an Rialacháin sin.
- (2) Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear na lamháltais atá ceaptha don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ar ceant i gcomhréir leis na prionsabail agus na rialacha mionsonraithe a leagtar síos in Airteagal 10(4) de Threoir 2003/87/CE agus i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) Uimh. 1031/2010 ón gCoimisiún^[1].
- (3) Is é an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) a bheidh ina cheantálaí le haghaidh na lamháltas a bheidh le ceantáil de bhun an Airteagail seo ar an ardán ceant arna cheapadh de bhun Airteagal 26(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1031/2010^[2] ón gCoimisiún agus cuirfidh sé ioncam an cheant ar fáil don Choimisiún.
- (4) Is éard a bheidh sna fáltais ó na liúntais sin a chur ar ceant ioncam sannta seachtrach chun críche Airteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.'

Airteagal 5

Leasuithe ar Chinneadh (AE) 2015/1814

Leasaítear Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2015/1814 mar a leanas:

I mír 5, an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na tríú habairte:

‘De mhaolú ar an gcéad abairt agus an dara habairt, déanfar na céatadáin agus na 100 milliún lamháltas dá dtagraítear sna habairtí sin a dhúbailt go dtí an 31 Nollaig 2030.’

I mír 6, cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

‘De mhaolú ar an gcéad fhomhír, le haghaidh tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2026, scaoilfear roinnt liúntas ón gcúlchiste agus cuirfear ar ceant iad i gcomhréir le hAirteagal 10e de Threoir 2003/87/CE, go dtí go mbeidh EUR 20 billiún bainte amach ag méid an ioncaim a fhaightear ó cheantáil den sórt sin.’

Airteagal 6

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Parlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le haghaidh Rialacháin maidir le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Comhtháthú

Gnóthaí eacnamaíocha agus airgeadais

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

gníomhaíocht nua

beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart⁸

síneadh ar bheart atá ann cheana

beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

Tá sé mar chuspóir ginearálta ag an rialachán atá beartaithe rannchuidiú le deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise i bhfad roimh 2030, trí athléimneacht an chórais fuinnimh a mhéadú agus trí fhoinsí soláthair gáis a éagsúlú trí níos airde allmhairí GNL agus píblíne ó sholáthraithe nach soláthróirí Rúiseacha iad, agus trí bhorradh a chur faoin úsáid a bhaintear as bithmheatán inbhuanaithe, i.e. a tháirgtear ó dhramhaíl orgánach agus ó iarmhair talmhaíochta agus foraoise, agus hidrigin in-athnuaite nó saor ó iontaise ('cuspóirí REPowerEU').

Is é an aidhm atá ann comhtháthú a fheabhsú trí sholáthar fuinnimh inbhuanaithe agus sábháilte a áirithiú i bhfianaise na staid geopholaitiúla atá ann faoi láthair, agus na héagthromaíochtaí náisiúnta agus réigiúnacha á gcur san áireamh.

1.4.2. Cuspóir(i) sonracha(a)

Cuspóir sonracha Uimh.

Is é an cuspóir sonracha an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a úsáid mar chreat straitéiseach faoinar féidir athchóirithe agus infheistíochtaí tábhachtacha a rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU a mhaoiniú. Comhlánófar an córas atá ann cheana le foinsí tiomnaithe cistiúcháin breise agus le solúbthacht níos airde chun acmhainní arna leithdháileadh ar na Ballstáit faoi chláir eile a aistriú. Bainfeadh an cuspóir sonracha amach i ndlúthchomhar leis na Ballstáit lena mbaineann.

1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil síúil leo

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

⁸ Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Beidh an deis ag na Ballstáit a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a threisiú, bíodh sin chun an ranníocaíocht airgeadais iomlán nuashonraithe a léiriú, nó trí athchóirithe agus infheistíochtaí nua a bheidh le maoiniú le cistiú breise a chur leis. Bainfidh na féidearthachtaí atá ann faoi láthair tairbhe as calabrú níos láidre i dtreo chuspóirí REPowerEU. Ní mór a áirithiú le modhnuithe ar na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta go n-úsáidfean na cistí atá fós ar fáil faoin RRF ar an mbealach is leordhóthanaí agus is éifeachtúla, mar shampla chun an t-aistriú i dtreo fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn agus chun an soláthar fuinnimh a éagsúlú.

1.4.4. *Táscairí feidhmíochta*

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Táscairí aschuir:

líon na bpleananna modhnaithe lena n-áirítear Caibidil maidir le Cumhacht AE arna formheas ag an gCoimisiún;

Táscairí toraidh:

líon na mbeart sna Caibidlí maidir le Cumhacht an Aontais a cuireadh chun feidhme; Rannchuidiú foriomlán le cuspóirí REPowerEU, agus go háirithe chun deireadh a chur, de réir a chéile, le spleáchas an Aontais ar ghás Rúiseach.

Táscairí tionchair:

cuspoirí REPowerEU atá á saothrú sna Caibidlí faoi seach, a baineadh amach, inter alia, mar gheall ar an tacaíocht airgeadais a fuarthas.

1.5. **Forais an togra/tionscnaimh**

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Tar éis sheoladh NextGenerationEU in 2020, tá geilleagar na hEorpa ag cur dlús le haistrithe glasa agus digiteacha. Mar sin féin, tá an dá athrú sin ag tarlú anois i gcomhthéacs domhanda atá ag cur isteach air, agus tá éiginnteachtaí nua os a gcomhair. Sa chomhthéacs sin, bhí méadú ar shlándaíl sholáthar fuinnimh an Aontais rithábachtach do théarnamh rathúil agus inbhuanaithe ón ngéarchéim Covid-19.

1.5.2. *Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluch a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Ní féidir cuspoirí REPowerEU a bhaint amach ach amháin más féidir leis an Aontas infheistíochtaí cliste tapa a chumasú ar fud na hEorpa. Chun na cuspoirí a bhaint amach, is gá acmhainn bhreise, bonneagar breise coigeartaithe agus iarrachtaí comhordaithe agus leanúnacha chun an córas fuinnimh agus na cleachtais thionsclaíocha a athdhearadh. Beidh luach ag baint le hidirghabháil an Aontais trí chreat tiomnaithe a bhunú lena bhféadfar tacú leis na Ballstáit ó thaobh airgeadais de agus athchóirithe agus infheistíochtaí a bhaineann le fuinneamh á gceapadh agus á

gcur chun feidhme. Ginfear luach breise trí chomhordú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí chun freagairt chomhleanúnach uile-Aontais a áirithiú, agus bearta atá curtha in oiriúint do shainiúlachtaí gach Ballstáit á gcur chun cinn ag an am céanna.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Is creat é an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta atá ann cheana agus is féidir a úsáid anois chun tacaíocht bhreise a thabhairt do bhearta atá riachtanach chun dlús a chur le spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Cuireann sé creat faireacháin agus tuairiscithe atá ann cheana ar fáil faoina bhféadfadh na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach, i sineirgíocht iomlán le seachadadh na bpleananna náisiúnta atá ann cheana agus leis an Seimeastar Eorpach faoi láthair.

Chun a chuspóirí a bhaint amach, ní mór é a threisiú tuilleadh chun an cistiú a mhéadú agus dreasachtaí breise a chur ar fáil chun glacadh níos mó le bearta REPowerEU sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta.

1.5.4. *Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ibhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Cuireann an togra comhordú agus sineirgí chun cinn idir na bearta a fhaigheann tacaíocht faoin RRF agus gníomhaíochtaí eile arna maoiniú ag foinsí eile, lena n-áirítear cistí náisiúnta, trí choincheap na gcaibidlí náisiúnta 'REPowerEU' a thabhairt isteach. Ar an gcaoi sin, is féidir leis an RRF comhlántacht, comhsheasmhacht agus comhleanúnachas na mbeartas agus na ngníomhaíochtaí arna ndéanamh a éascú agus a uasmhéadú chun neamhspleáchas agus slándáil sholáthar fuinnimh an Aontais a chothú. Tá an togra ailínithe go dlúth leis an treoir bheartais a chuirtear ar fáil faoin Seimeastar Eorpach.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Comhlánaítear na hathruithe ar Rialachán RRF le leasuithe reachtacha chun foinsí cistiúcháin breise a ghiniúint chun cuidiú le cuspóirí nua REPowerEU a mhaoiniú faoin gcreat RRF. Chuige sin, leithdháilfear ioncam a eascraíonn as ceantáil roinnt lamháltas de chuid an Chórais Trádála Astaíochtaí ("ETS") ar mhaoiniú beart nua a bhaineann le fuinneamh. Bainfidh na Ballstáit tairbhe freisin as solúbthacht níos airde chun acmhainní a leithdháiltear orthu a aistriú faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna ((AE) 2021/1060) agus faoin Rialachán maidir le pleananna straitéiseacha CBT ((AE) 2021/2115).

1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

- tréimhse theoranta
- i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
- Tionchar airgeadais ó 2022 go 2023 maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ó 2022 go 2026 maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.
- tréimhse neamhtheoranta
- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe⁹

- Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún
- ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin
- Bainistiú atá comhroinnte** leis na Ballstáit
- Bainistiú indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:
 - tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
 - eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);
 - BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
 - comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;;
 - comhlachtaí dlí poiblí;
 - comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;
 - comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
 - daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.
 - *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

Nótaí

neamhbhainteach

⁹ Tá mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid:
<https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/GA/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx>

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbearta agus na coinníollacha atá leo.

Tá an togra bunaithe ar mhódúlachtaí atá ann cheana chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a áirítear sna RRPanna, agus chun an dul chun cinn sin a thuairisciú, de réir Rialachán RRF. Beidh na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí a áirítear i gcaibidil REPowerEU faoi réir na socrúithe faireacháin céanna le bearta eile RRF, agus forálacha tiomnaithe ceaptha chun rianú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach.

Sna caibidlí nua maidir le Cumhacht an Aontais, sholáthrófaí faisnéis freisin faoi bhearta nach bhfuil le cistiú faoin RRF, ach le cistí náisiúnta nó cistí eile de chuid an Aontais. D'fhágfaidh sé sin go bhféadfaí forléargas cuimsitheach agus cainníochtaithe a dhéanamh ar an ngníomhaíocht bheartais atá beartaithe chun cuspóirí REPowerEU a bhaint amach, lena áirithiú go dtacófar le gach athchóiriú agus infheistíocht leis an bhfoinse maoinithe is leordhóthanaí, agus a raon feidhme, a módúlachtaí cur chun feidhme agus a amlíne á gcur san áireamh.

Déanfar faireachán ar bhearta a mhaoinítear le foinsí eile seachas an RRF laistigh de chreat reatha an tSeimeastair Eorpaigh.

2.2. Córais bainistithe agus rialaithe

2.2.1. *An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Is creat dlíthiúil seanbhunaithe é RRF chun an fhreagairt Eorpach ar na dúshlán fuinnimh nua atá ag teacht chun cinn a rialú, i bhfianaise na nasc díreach idir téarnamh inbhuanaithe agus Aontas athléimneach, agus slándáil fuinnimh AE.

Le coincheap na gcaibidlí faoi Chumhacht AE a tugadh isteach sa togra, déantar an creat bainistithe agus rialaithe RRF atá ag feidhmiú go maith a leathnú go dtí athchóirithe agus infheistíochtaí breise a thacaíonn le cuspóirí REPowerEU.

Ina theannta sin, áirithítear leis an gcaibidil maidir le CumhachtEU éifeachtacht agus comhleanúnachas na mbearta a dtacaíonn an RRF leo le bearta eile a mhaoinítear le foinsí malartacha.

Tá feidhm ag an gcóras rialaithe ginearálta maidir le caibidlí REPowerEU, rud a chiallaíonn gur cheart do na Ballstáit a léiriú conas a chuireann a gcórais rialaithe i bhfeidhm go héifeachtach comhlántacht a áirithiú agus cistiú dúbailte a sheachaint.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Mar atá cheana féin faoin gcóras RRF atá ann cheana, baineann an riosca le tomhas feidhmíochta (gan spriocanna/garspriocanna réamhshainithe a bhaint amach).

Is iad seo a leanas na bearta a chuirfear ar bun chun na rioscaí sin a mhaolú:

- próiseas meastóireachta críochnúil roimh eisíocaíocht na gcistí ar dá mbarr a bhainfidh na Ballstáit is tairbhíthe na garspriocanna/spriocanna amach;

– íocaíochtaí a chur ar fionraí agus a chur ar ceal i gcás nach mbeidh na garspriocanna/na spriocanna bainte amach ag na Ballstáit is tairbhithe.

Cuirfidh an Coimisiún an tSaoráid chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

- 2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas ‘costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú’) agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Déanfar ranníocaíocht a sholáthar do Bhallstát i bhfoirm mhaoinithe nach bhfuil nasctha leis an gcostas dá dtagraítear i bpointe (a) d’Airteagal 125(1) den Rialachán Airgeadais.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.

Tá forálacha caighdeánacha maidir le calaois agus neamhrialtachtaí a chosc agus maidir le cosaint ar fáil i Rialachán RRF atá ann cheana.

Cuirfidh AS REFORM a Straitéis Frith-Chalaoise i bhfeidhm, ag féachaint do chomhréireacht agus do chostas agus tairbhe na mbearta atá le cur chun feidhme.

Beidh feidhm ag na próisis rialaithe inmheánaigh is iomchuí maidir le gach leibhéal bainistíochta agus dearfar iad chun dearbhú réasúnach a thabhairt go ngnóthófar na cuspóirí seo a leanas: éifeachtacht, éifeachtúlacht agus barainneacht na n-oibríochtaí; iontaofacht tuairiscithe; acmhainní agus faisnéis a chosaint; bainistíocht leordhóthanach ar na rioscaí a bhaineann le dlíthiúlacht agus le rialtacht na mbun-idirbheart, agus a bhaineann le cosc, brath, ceartú agus obair leantach calaoise agus mírialtachtaí.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

Beidh an deis ag na Ballstáit suas le 7.5 % dá leithdháileadh faoi na hionstraimí comhtháthaithe¹⁰ (suas le EUR 26.9 billiún) agus 12.5 % dá leithdháileadh faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (suas le EUR 7.5 billiún) a aistriú chuig an gCiste um Théarnamh agus Athléimneacht chun bearta a áirítear i gCaibidil REPowerEU a mhaoiniú.

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN ¹¹	ó thíortha de chuid CSTE ¹²	ó thíortha is iarrthóirí ¹³	ó thríú tíortha	de réir bhí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
	[06.00201] An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta — Tacaíocht neamh-inaisíochta	Difreáilte	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN.	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí	ó thríú tíortha	de réir bhí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
	[XX.YY.YY.YY]		TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

¹⁰ Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe

¹¹ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdifreáilte.

¹² CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

¹³ Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

Déanfar an tionscnamh a mhaoiniú go príomha trí ioncain sheachtracha shannta (féach pointe 3.3)

Beidh an deis ag na Ballstáit suas le 7.5 % dá leithdháileadh faoi na hionstraimí comhtháthaithe¹⁴ (suas le EUR 26.9 billiún) agus 12.5 % dá leithdháileadh faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (suas le EUR 7.5 billiún) a aistriú chuig an gCiste um Théarnamh agus Athléimneacht chun bearta a áirítear i gCaibidil REPowerEU a mhaoiniú.

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Uimhir	
--	--------	--

AS: <.....>			Bliain N ¹⁵	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			IOMLÁN
○Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí										
Líne bhuiséid ¹⁶	Gealltanais	(1a)	p.m	p.m	p.m	p.m				
	Íocaíochtaí	(2 a)	p.m	p.m	p.m	p.m				
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1b)								
	Íocaíochtaí	(2b)								

¹⁴ Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe

¹⁵ Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i geás na mblianta eile.

¹⁶ De réir ainmníocht oifigiúil an bhuiséid. Braithfidh suimeanna ar na féidearthachtaí aistrithe a bheith á nglacadh ag na Ballstáit

Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonracha ¹⁷											
Líne bhuiséid		(3)									
IOMLÁN na leithreasuithe don AS <....>	Gealltanais	=1a+1b +3									
	Íocaíochtaí	=2a+2b +3									

○ IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)									
	Íocaíochtaí	(5)									
○ IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach clár sonracha		(6)									
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTÉIDEAL <....> den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	=4+ 6									
	Íocaíochtaí	=5+ 6									

Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal oibríochta amháin, líon isteach an chuid thuas arís i gcás gach ceann de na ceannteidil sin:

○ IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta)	Gealltanais	(4)									
	Íocaíochtaí	(5)									
IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonracha (gach ceannteideal oibríochta)		(6)									
IOMLÁN na leithreasuithe	Gealltanais	=4+ 6									

¹⁷ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indéireach, taighde díreach.

faoi CHEANTEIDIL 1 go 6 den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha)	Íocaíochtaí	=5+ 6								
---	-------------	-------	--	--	--	--	--	--	--	--

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	7	‘Caiteachas riaracháin’
--	----------	-------------------------

Chun an chuid seo a líonadh isteach, ba cheart leas a bhaint as na ‘sonraí buiséid de chineál riaracháin’ atá le hiontráil ar dtús san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach (Iarscríbhinn V a ghabhann leis na rialacha inmheánacha) agus a uaslódáiltear chuig an gcóras DECIDE chun críocha comhairliúcháin idirsheirbhíse.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			IOMLÁN
AS: <.....>									
<input type="radio"/> Acmhainní daonna									
<input type="radio"/> Caiteachas riaracháin eile									
IOMLÁN AS <....>	Leithreasuithe								

IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanais = Iomlán íocaíochtaí)								
--	---	--	--	--	--	--	--	--	--

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain N ¹⁸	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			IOMLÁN
IOMLÁN leithreasuithe	Gealltanais								

¹⁸ Is í bliain N an bhliain a chuirfead tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad ‘N’ (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

faoi CHEANTEIDIL 1 go 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Íocaíochtaí																		
--	-------------	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

3.2.2. An t-*aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir			Bliain N		Bliain N+1		Bliain N+2		Bliain N+3		Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)						IOMLÁN	
	ASCHUIR																	
	↓	Saghas ¹⁹	Meán chostas	Níl	Costas	Níl	Costas	Níl	Costas	Níl	Costas	Níl	Costas	Níl	Costas	Níl	Costas	Líon iomlán
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1 ²⁰ ...																		
- Aschur																		
- Aschur																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonracha Uimh. 1																		
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2...																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonracha Uimh. 2																		

¹⁹ Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

²⁰ Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. ‘Cuspóirí sonracha...’

IOMLÁIN																	
---------	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

3.2.3. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh leithreasuithe de chineál riaracháin
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain N ²¹	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)	IOMLÁN
--	---------------------------	---------------	---------------	---------------	---	--------

CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil							
Acmhainní daonna							
Caiteachas riaracháin eile							
Fo-iomlán CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil							

Lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7²² den chreat airgeadais ilbhliantúil							
Acmhainní daonna							
Caiteachas eile de chineál riaracháin							
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil							

IOMLÁN							
---------------	--	--	--	--	--	--	--

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-implonaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

²¹ Is í bliain N an bhliain a chuirfeadh tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

²² Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le clár agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh acmhainní daonna.
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfeadh an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

	Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)
O Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)					
• 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)					
• 20 01 02 03 (Toscaireachtaí)					
• 01 01 01 01 (Taighde indíreach)					
• 01 01 01 11 (Taighde díreach)					
• Línte buiséid eile (sonraigh)					
• ○ Foireann sheachtrach (i gCoibhéis Lánaimseartha: FTE)²³					
• 20 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch')					
• 20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí)					
• X 01 xx yy zz ²⁴	X	• a Cheanncheathrú - s	•		
		• dToscaireachtaí - i	•		
• 01 01 01 02 (AC, END, INT – Taighde indíreach)					
• 01 01 01 12 (CA, INT, SNE – taighde díreach)					
• Línte buiséid eile (sonraigh)					
• IOMLÁN					

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúirtheacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-implonófar laistigh den Ard-Stiúirtheacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúirtheacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséid.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	
Pearsanra seachtrach	

²³ AC = Ball foirne ar conradh; AL= Ball foirne áitiúil; END= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

²⁴ Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

Beidh an deis ag na Ballstáit suas le 7.5 % dá leithdháileadh faoi na hionstraimí comhtháthaithe (suas le EUR 26.9 billiún) agus 12.5 % dá leithdháileadh faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (suas le EUR 7.5 billiún) a aistriú chuig an gCiste um Théarnamh agus Athléimneacht chun bearta a áirítear i gCaibidil REPowerEU a mhaoiniú. Ní gá athbhreithniú a dhéanamh ar cheannteidil ábhartha an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil

- is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann, na méideanna comhfhreagracha agus na hionstraimí atá beartaithe a úsáid.

- is gá athbhreithniú ar CAI.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

3.2.5. Ranniocaíochtaí ó thríú páirtithe

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe
- déantar foráil maidir leis an gcómhoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

	Bliain N ²⁵	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								
IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe								

²⁵

Is í bliain N an bhliain a chuirfeadh tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheith ann a chur in ionad ‘N’ (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.
- Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
 - maidir le hacmhainní dílse
 - ar ioncam eile
 - má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnamh ²⁶					Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)		
		2023	2024	Bliain N+2	Bliain N+3				
Airteagal		p.m	p.m	p.m	p.m				

I gcás ioncam ilghnéitheach atá sannta, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

Déanfar imchlúdach airgeadais na Saoráide a mhéadú EUR 20 billiún (i bpraghsanna reatha). Maoineofar an t-imchlúdach (i leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus leithreasuithe íocaíochta) ó lamháltas ETS a chur ar ceant. Cuirfear an méid sin ar fáil do na Ballstáit agus áireofar é i gcaibidil REPowerEU. Is ionann an méid don tacaíocht neamh-inaisíochta agus ioncam sannta seachtrach de réir bhrí Airteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíochta faoi bhainistíocht dhíreach, chun tacú le hathchóirithe agus leis an Rialachán maidir le hinfheistíochtaí go heisiach. Ag an gcéim seo, níl an dáileadh de réir bliana ar eolas.

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

²⁶ Sroicheann an t-uasmhéid EUR 20 billiún. Beidh an deighilt thar na blianta ag brath ar cheantáil lamháltas ETS